# Carraigeacha agus ithreacha

Carraigeacha agus ithreacha Comhad fíricí

## Céard is geolaí ann?

Déanann geolaithe staidéar ar an Domhan agus ar an gcaoi ar cruthaíodh é. D'fhéadfaidís breathnú ar an dromchla nó go domhain faoin talamh.



*Seo í Lucy Crane. Is geolaí í. Oibríonn sí do chomhlacht atá ag beartú tabhairt faoi mhianadóireacht ar ábhair chun cadhnraí a dhéanamh le haghaidh carranna leictreacha.*

Déanann roinnt geolaithe staidéar ar bholcáin. Déanann geolaithe eile staidéar ar chreathanna talún. Oibríonn geolaithe in go leor tionscail dhifriúla, ar nós:

- mianadóireacht agus cairéalú
- innealtóireacht
- ola agus peitriliam
- cosaint an chomhshaoil.

An Phríomhfhoghlaim agus Scileanna Eolaíochta:
- Fiosracht faoin domhan mórthimpeall orthu.
- Breathnú agus taifeadadh a dhéanamh go cúramach ar a dtorthaí.

*Ar mhaith leat do chuid foghlama faoi charraigeacha agus ithreacha a úsáid nuair a bheidh tú níos sine? B'fhéidir gur mhaith leat a bheith i do gheolaí nó i do phailé-ointeolaí? An bhfuil poist eile ann ina n-úsáidtear foghlaim faoi charraigeacha agus ithreacha?*

## Céard is eolaí ithreach ann?

Déanann eolaí ithreach staidéar ar ithir.



*Seo í Aga. Is eolaí ithreach í a oibríonn in Éirinn agus a bhreathnaíonn ar chomh folláin agus atá an ithir. Labhraíonn Aga faoi ithir le daltaí bunscoile agus le feirmeoirí.*

Bíonn sé sin tábhachtach in go leor tionscal, ar nós:

- feirmeoireacht
- cosaint an chomhshaoil
- tógáil agus tírdhreachú.

An Phríomhfhoghlaim agus Scileanna Eolaíochta:
- Spéis sa domhan nádúrtha.
- Tástálacha simplí a dhéanamh chun foghlaim faoi chineálacha ithreacha agus a n-úsáidí.

## Céard is pailé-ointeolaí ann?

Déanann pailé-ointeolaí staidéar ar iontaisí (iontaisí dineasár ina measc!) chun foghlaim faoi stair na beatha ar Domhan.





*Seo é Xu Xing. Is pailé-ointeolaí é. D'ainmnigh sé níos mó dineasár ná aon phailé-ointeolaí beo eile.*

Oibríonn pailé-ointeolaithe in áiteanna difriúla, ina measc:

- iarsmalanna
- ollscoileanna
- taobh amuigh ag tochailt iontaisí.

An Phríomhfhoghlaim agus Scileanna Eolaíochta:
- Úsáid chúramach a bhaint as uirlisí chun iontaisí a aimsiú agus a nochtadh.
- Breathnú go cúramach ar iontaisí.
- Sórtáil agus grúpáil chun cinneadh a dhéanamh cén iontaise ar a bhfuil siad ag breathnú.

ROYAL SOCIETY OF CHEMISTRY